

**Toghcháin Uachtaránachta**

**1938 – 2025**

**Presidential Elections**



# CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
<u>Oifig an Uachtaráin</u>	5
<u>An tslí a dtoghtar an tUachtarán</u>	7
<u>Sealbhóirí Oifig an Uachtaráin</u>	13
<u>Toghcháin Uachtaránachta 1938 go 2025</u>	19
<u>Toghchán Uachtaránachta 1938</u>	20
<u>Toghchán Uachtaránachta 1945</u>	20
<u>Toghchán Uachtaránachta 1952</u>	24
<u>Toghchán Uachtaránachta 1959</u>	24
<u>Toghchán Uachtaránachta 1966</u>	26
<u>Toghchán Uachtaránachta 1973</u>	28
<u>Toghchán Uachtaránachta 1974</u>	30
<u>Toghchán Uachtaránachta 1976</u>	30
<u>Toghchán Uachtaránachta 1983</u>	30
<u>Toghchán Uachtaránachta 1990</u>	31
<u>Toghchán Uachtaránachta 1997</u>	34
<u>Toghchán Uachtaránachta 2004</u>	37
<u>Toghchán Uachtaránachta 2011</u>	39
<u>Toghchán Uachtaránachta 2018</u>	49
<u>Toghchán Uachtaránachta 2025</u>	52



## Oifig an Uachtaráin

Bunaíodh oifig Uachtarán na hÉireann leis an mBunreacht in 1937. Tá tosaíocht ag an Uachtarán ar gach uile dhuine sa Stát agus feidhmíonn siad na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar leis an mBunreacht agus leis an dlí. Áirítear i measc na bhfeidhmeanna:

- ceapachán an Taoisigh arna ainmniú ag an Dáil;
- ceapachán chomhaltaí eile an Rialtais arna n-ainmniú ag an Taoiseach le comhaontú na Dála roimh ré;
- glacadh le héirí as nó foirceannadh cheapachán chomhalta an Rialtais ar chomhairle an Taoisigh;
- comóradh nó lánscore na Dála ar chomhairle an Taoisigh (ach tig leis an Uachtarán diúltú don Dáil a lánscore ar chomhairle Taoisigh nach leanann tromlach i nDáil Éireann de bheith i dtacaíocht leis);
- lámh a chur le Billí a ritheadh ag dhá Theach an Oireachtais (ach tig leis an Uachtarán, tar éis comhairle a ghlacadh leis an gComhairle Stáit, Bille a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach le haghaidh rialú ar a bhunreachtúlacht).
- i ndiaidh achainí ag tromlach de chomhaltaí Sheanad Éireann agus i bhfochair trian ar a laghad de chomhaltaí den Dáil, agus i ndiaidh comhairliúcháin leis an gComhairle Stáit, féadfaidh an tUachtarán diúltú dá lámh a chur le Bille go dtí go socrófar breith an phobail air le reifreann nó olltoghchán;
- feidhmiú ardcheannais ar na Fórsaí Cosanta;
- feidhmiú an chirt maithiúnais agus cumhacht chun loghtha pionóis a ghearrtar in aon chúirt dlínse coire;

- tar éis comhairle a ghlacadh leis an gComhairle Stáit, teachtaireacht nó aitheasc a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais i dtaobh aon ní a bhfuil tábhacht náisiúnta nó tábhacht phoiblí ann, nó aitheasc a chur faoi bhráid na ndaoine.

Faoin mBunreacht, ní cead don Uachtarán, le heisceachtaí ar leith, aon fheidhm a chomhlíonadh ach amháin ar chomhairle an Rialtais.

Níl an tUachtarán freagrach d'aon Teach den Oireachtas ná d'aon chúirt in oibriú is i gcomhlíonadh fheidhmeanna na hoifige. Mar sin féin, leagtar amach nós imeachta sa Bhunreacht lena bhféadfar an tUachtarán a tháinseamh as ucht mí-iompair a luafar.

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta  
Samhain 2025

## **An tslí a dtoghtar an tUachtarán**

### **Cé atá in ann vótáil**

Tá gach saoránach d'Éirinn atá 18 mbliana d'aois ar a laghad agus a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i gClár na dToghthóirí do thoghcheantar i dteideal vótáil i dtoghchán uachtaránachta sa toghcheantar sin. Ullmhaíonn comhairlí cathrach/contae/cathrach agus contae Clár na dToghthóirí.

### **Cé na daoine ar féidir leo seasamh mar iarrthóir**

Tá gach saoránach d'Éirinn ag a bhfuil 35 bliain slán intofa chun oifig an Uachtaráin. Tá duine atá nó a bhí ina n-Uachtarán incháilithe a bheith tofa uair amháin eile, ach sin a mbeidh.

### **Cé na daoine ar féidir leo iarrthóir a ainmniú**

Ní mór d'iarrthóir a bheith ainmnithe ag (a) nach lú ná 20 comhalta den Dáil agus/nó den Seanad nó (b) ag ar a laghad ceithre chomhairle cathrach/contae/cathrach is contae. Ní féidir le comhalta den Oireachtas, nó comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach is contae, breis agus iarrthóir amháin a ainmniú sa toghchán céanna. Tig le haon duine atá nó a bhí ina n-Uachtarán é nó í féin a ainmniú mar iarrthóir. Ní mór d'ainmniúcháin a bheith ar pháipéar ainmniúcháin a ordaítear le dlí agus ní mór é a sheachadadh chuig an gCeann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta faoi uair an mheán lae ar an lá deiridh chun ainmniúcháin a ghlacadh.

### **Cathain ba chóir do thoghchán a réachtáil**

Ní mór go réachtáiltear toghchán uachtaránachta le linn na seasca lá roimh dheireadh théarma oifige an Uachtaráin atá ag dul as oifig. Má tharlaíonn folúntas sula gcríochnaítear gnáth-théarma oifige, réachtáiltear an toghchán faoi cheann 60 lá tar éis don fholúntas tarlú. Ar an seascadú lá roimh dháta dheireadh théarma oifige an Uachtaráin a bheidh ag dul as oifig (nó i ndiaidh folúntais), nó a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin, déanann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ordú lena gceaptar an lá deireanach chun ainmniúcháin a ghlacadh

agus an lá is na huaireanta vótála. Déanann an tAire ordú chomh maith lena gceaptar duine le bheith ina gCeann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta.

### **Rialú ar ainmniúcháin**

Ag 3.00 p.m. ar an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin, rialaíonn an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta ar bhailíocht na n-ainmniúcháin a fhaightear. Ní mór do gach iarrthóir ionchasach nó a n-ionadaí freastal ar an rialú ar ainmniúcháin agus ní mór dóibh an fhaisnéis iomchuí go léir ar a n-éilíonn an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta nó an measúnóir breithiúnach, ar Uachtarán na hArd-Chúirte nó breitheamh eile na hArd-Chúirte arna ainmniú ag Uachtarán na hArd-Chúirte iad, a chur ar fáil. Féadfar aon cheist a eascraíonn ag an rialú ar ainmniúcháin a tharchur chuig an measúnóir breithiúnach.

Is é feidhm an mheasúnóra bhreithiúnaigh ná tuairim a thabhairt ar aon ábhar a tarchuireadh chucu. Ceanglaítear ar an gCeann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta aird a bheith acu ar an tuairim sin. Féadfaidh iarrthóir nó a n-ionadaí údaraithe achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne rialú an Chinn Comhairimh Toghchán Uachtaránachta ar bhailíocht ainmniúcháin nó maidir le cáilíocht iarrthóra.

### **Iarrthóireacht a tharraingt siar**

Féadfaidh iarrthóir a n-iarrthóireacht a tharraingt siar tráth ar bith sula gcríochnófar an rialú ar ainmniúcháin ach ní ina dhiaidh sin. Tarraingítear siar iarrthóireacht trí fhógra chuige sin, arna shíniú ag an iarrthóir nó ag a n-ionadaí, a sheachadadh chuig an gCeann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta. Sa chás nach bhfuil aon iarrthóir ainmnithe nó má tharraingíonn gach iarrthóir siar, tosófar as úire le himeachtaí uile le haghaidh toghcháin. Sa chás nach bhfuil ach aon iarrthóir amháin ainmnithe, dearbhaíonn an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta go bhfuil an duine sin tofa. Má tá beirt iarrthóirí nó níos mó ainmnithe, déantar vótáil.

### **Gníomhairí an iarrthóra**

Ceanglaítear ar gach iarrthóir gníomhaire toghcháin a cheapadh chun críocha cuntas a thabhairt ar chaiteachas arna thabhtú ag an iarrthóir nó thar a gceann sa toghchán agus chun síntiúis shubstaintiúla a fuair an t-iarrthóir a fhaisnéisiú. Ní mór

ceapachán an ghníomhaire toghcháin ag an iarrthóir, a fhéadfaidh a bheith ina n-iarrthóir iad féin, a dhéanamh tráth nach déanaí ná an lá deiridh chun ainmniúcháin a ghlacadh agus ní mór iad a chur in iúl don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta. Ceanglaítear ar ghníomhaire toghcháin ráiteas a thabhairt do na Caihdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO), tráth nach déanaí ná an séú lá caoga tar éis lá na vótaíochta, ráiteas ina sonraítear na síntiúis go léir is mó ná €600 a fuair an t-iarrthóir nó a fuarthas thar a gceann agus ráiteas ar speansais a thabhaítear i dtaca leis an toghchán. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag tacú leis sin.

Socraítear san Acht Toghcháin, 1997, arna leasú an teorannú caiteachais ag toghchán uachtaránachta ag €750,000 in aghaidh iarrthóra, agus oiread agus €250,000 d'fhorchúiteamh speansas sa chás go sáraíonn iarrthóirí aon cheathrú den chuóta.

Féadfaidh iarrthóir nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra gníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach toghcheantar Dála agus chun gníomhú mar ionadaí sa toghcheantar don ghníomhaire toghcháin. Féadfaidh iarrthóir, an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire áitiúil leasghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach ceantar vótaíochta i dtoghcheantar chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus chun gníomhú mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil sa cheantar vótaíochta. Ní mór don duine a dhéanfaidh ceapachán an ghníomhaire áitiúil nó leasghníomhaire áitiúil an ceapachán sin a chur in iúl i scríbhinn don Cheann Comhairimh Áitiúil don toghcheantar.

Féadfaidh iarrthóir nó an gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil gníomhaire pearsanaíochta a cheapadh chun freastal ar gach stáisiún vótála sa toghchán chun cabhrú le pearsanaíocht a aimsiú. Féadfaidh iarrthóir, gníomhaire toghcháin nó gníomhaire áitiúil daoine a cheapadh le freastal ar eisiúint na bpáipéar postbhallóide; ag oscailt bhoscaí na bpáipéar postbhallóide agus ag comhaireamh na vótaí sa toghcheantar. Féadfaidh gníomhairí i mbun ionadaíocht na n-iarrthóirí a bheith i láthair ag cinneadh na dtorthaí ag Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta.

## **Postas saor in aisce d'iarrthóirí**

Tá gach iarrthóir i dteideal litir thoghcháin amháin a sheoladh tríd an bpost, saor in aisce, chuig gach toghthóir ar Chlár na dToghthóirí.

## **An vótáil**

Ceaptar an lá vótaíochta le hordú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus socraíonn an t-ordú sin an tréimhse vótála freisin. Ní mór ar a laghad dhá uair déag an chloig laistigh den tréimhse idir 7.00 a.m. agus 10.30 p.m. a cheadú le haghaidh vótála. Tá vótáil phoist ar fáil do bhaill an Gharda Síochána (na póilíní), Óglaigh na hÉireann, agus státseirbhísigh (agus a gcéilí/páirtithe sibhialta) atá bainteach le misin taidhleoireachta na hÉireann thar lear, chomh maith le toghthóirí a chónaíonn sa bhaile nach bhfuil in ann vótáil ag stáisiún vótála mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas, agus toghthóirí nach bhfuil in ann vótáil ag a stáisiún vótála de bharr chúinsí a gcoinneáil i bpríosúin mar gheall ar ordú na cúirte. Tá vótáil phoist ar fáil chomh maith do thoghthóirí ar dócha go gcuirfidh a slite beatha cosc orthu dul chuig a n-ionad vótaíochta (lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile ach a bhfuil cónaí orthu in áit eile agus iad ag freastal ar institiúid oideachais sa Stát). Tá baill foirne an toghcháin ar leith atá fostaithe ag ionad vótaíochta lasmuigh den toghcheantar ina bhfuil cónaí orthu i dteideal vóta poist a lorg chomh maith. Sa chás go bhfuil duine buartha faoina sábháilteacht nó faoi shábháilteacht duine dá dteaghlach dá bhfoilseofaí a n-ainm agus a seoladh baile, tá siad i dteideal vóta poist a lorg chomh maith.

Tá vótáil speisialta ar fáil do thoghthóirí a bhfuil cónaí orthu in ospidéal, i dtithe altranais nó i saoráidí cúraim eile nach bhfuil in ann vótáil ag stáisiún vótála mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas. Tugtar an páipéar ballóide chucu sa tsaoráid. Vótálann siad i láthair Oifigigh Ceannais Speisialta in éineacht le Garda.

Chun críche toghcháin uachtaránachta, de ghnáth roinntear an tír sna toghcheantair chéanna de réir mar a roinntear do thoghchán Dála. Is ionann an té atá ag feidhmiú mar Cheann Comhairimh na Dála do thoghcheantar (i.e. an sirriam nó an cláraitheoir contae) agus an Ceann Comhairreamh Áitiúil don toghcheantar i dtoghchán uachtaránachta. Cuirtear de dhualgas ar an gCeann Comhairimh Áitiúil an toghchán sa toghcheantar a threorú. Vótálann toghthóirí ag na stáisiúin vótála chéanna is a

dhéantar do thoghchán Dála, agus seoltar cárta faisnéise vótaíochta chuig gach toghthóir lena gcuirtear in iúl uimhir an toghthóra ar Chlár na dToghthóirí, dáta na vótaíochta, agus an áit a bhfuil siad i dteideal vóta a chaitheamh. Go hiondúil, bíonn stáisiúin vótaíochta lonnaithe i scoileanna nó i bhfoirgnimh phoiblí eile. Ceapann an Ceann Comhairimh Áitiúil Oifigeach Ceannais chun bheith i gceannas ar gach stáisiún vótála agus Cléireach Vótaíochta chun cabhrú leis an Oifigeach Ceannais.

### **An córas vótála**

Is le vóta lomdíreach an phobail a thoghfad an tUachtarán. Déantar an vótáil trí mheán rúnbhallóide ar an gcóras aonvóta inaistrithe. Sa chóras sin ligtear don toghthóir a gcéad rogha agus roghanna ina dhiaidh sin a léiriú ar an bpáipéar ballóide. Tá foirm an pháipéir ballóide forordaithe le dlí. Bíonn ainmneacha na n-iarrthóirí le feiceáil in ord aibítire ar an bpáipéar ballóide, ar a bhfuil treoracha gonta maidir leis an gcaoi cheart chun vóta a chaitheamh chomh maith. Ní nochtar cleamhnacht pholaitiúil, más ann, na n-iarrthóirí ar an bpáipéar ballóide. Féadfaidh grianghraf den iarrthóir a bheith ar an bpáipéar ballóide chomh maith faoi réir ag rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Stampáiltear gach páipéar ballóide le marc oifigiúil tráth a eisiúna chun a bharántúlacht a dheimhniú, agus clóitear sraithuimhir i gcarachtair bheaga ar chúl gach páipéir. Mura bhfuil an marc oifigiúil ar pháipéar ballóide nó má tá aon ní marcáilte nó scríofa air trína bhféadfaí an vótálaí a aithint, breithneofar é a bheith neamhbhailí ag an gcomhaireamh agus diúltófar dó.

### **An modh vótála**

Sa stáisiún vótála, déanann an toghthóir iarratas ar pháipéar ballóide trína n-ainm agus a seoladh a lua. D'fhéadfaí go n-iarrfar ar an toghthóir fianaise chéannachta a thabhairt ar aird. Sa chás go bhfuil an tOifigeach Ceannais sásta maidir le céannacht an toghthóra, stampálfar páipéar ballóide le marc oifigiúil agus tabharfar don toghthóir é. Cuireann an tOifigeach Ceannais marc os coinne ainm an toghthóra ar Chlár na dToghthóirí chun a thaispeáint go bhfuil páipéar ballóide faighte ag an toghthóir. Marcálann an toghthóir an páipéar ballóide faoi rún in urrann vótála, filleann siad an páipéar chun an dóigh ar mharcáladh an páipéar a cheilt, agus cuireann siad sa bhosca ballóide é. Féadfaidh an tOifigeach Ceannais a ordú go ngabfar aon duine a bhfuil amhras ann go ndearna siad cion toghcháin. Féadfaidh

an t-oifigeach ceannais nó compánach cúnamh a thabhairt do dhaoine atá dall, ar éagumas nó neamhliteartha nach féidir vótáil gan chabhair. Féadfaidh daoine a bhfuil lagú amhairc orthu Teimpléad Páipéir Ballóide a úsáid freisin chun a vóta a chaitheamh.

### **Comhaireamh na vótaí**

Déantar comhaireamh na vótaí go hiomlán ar leibhéal thoghcheantar Dála. Dearbhaíonn agus fógraíonn an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta toradh an toghcháin ar bhonn na dtuarascálacha a gcuireann na Cinn Chomhairimh Áitiúla sna toghcheantair aonair ar fáil dóibh. Féadfaidh na hiarrthóirí a bheith i láthair nó ionadaíocht a bheith déanta ar a son ag cinneadh na dtorthaí ag an gCeann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta agus féadfaidh a chur de cheangal ar na vótaí go léir a caitheadh sa toghchán a imscrúdú agus a chomhaireamh as an nua.

Reáchtálann an Ceann Comhairimh Áitiúil i ngach toghcheantar an chéad chomhaireamh agus cuirtear na torthaí in iúl don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta a ríomhann an cuóta. Má bhaineann iarrthóir amach an cuóta ar an gcéad chomhaireamh, fógrófar iad tofa; Mura mbaineann, ordaíonn an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta eisiamh an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí is ísle. Aistríonn na Cinn Chomhairimh Áitiúla vótaí an iarrthóra nó na n-iarrthóirí eisiata agus cuirfead na torthaí in iúl don Cheann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta. Leanfar leis an bpróiseas iarrthóirí a chur as an iomaíocht agus a vótaí a aistriú go dtí go bhféadfar iarrthóir a fhógairt tofa.

### **Achainíocha Toghcháin Uachtaránachta**

Féadfaidh toradh toghcháin a fhiosrú trí achainí chun na hArd-Chúirte. Ní fhéadfar achainí a chur i láthair ach amháin le cead na Cúirte ar iarratas a rinneadh, tráth nach déanaí ná seacht lá i ndiaidh dhearbhuí thoradh an toghcháin. Féadfar cead chun achainí a chur i láthair a lorg ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag iarrthóir nó ag a ngníomhaire toghcháin. Tá foras na hachainí teoranta do chionta toghcháin, cosc an toghcháin, nó botún nó neamhrialtacht eile ar dóigh go bhféadfadh tionchar a imirt ar an toradh.

### **Ag dul i mbun oifige**

Cuireann an Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta ainm agus seoladh an uachtaráin thofa in iúl don Uachtarán atá ag dul as oifig, don Taoiseach, don Phríomh-Bhreitheamh, do Chathaoirleach na Dála, do Chathaoirleach Sheanad Éireann agus do Rúnaí an Uachtaráin. Téann an tUachtarán nua i mbun oifige an lá i ndiaidh dhul in éag do théarma oifige an Uachtaráin atá ag dul as oifig agus bítear i seilbh na hoifige ar feadh seacht mbliana ón dáta sin.

### **An Dlí Uachtaránachta**

Tá an dlí a bhaineann le toghadh an Uachtaráin le fáil i mBunreacht na hÉireann, in Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993, (arna leasú) agus san Acht Toghcháin, 1997 (arna leasú).

## Sealbhóirí Oifig an Uachtaráin

### Cúlra

Ó bhunú Oifig an Uachtaráin in 1937, bhí deichniúr Uachtarán na hÉireann. Bhí seachtar fear agus triúr ban i seilbh na hoifige mar Uachtarán, le linn thréimhse na cúig thoghchán déag ó 1938 i leith.

Bliain	Toghchán Iomaidh / Neamhiomaidh	Cúis	Iarrthóirí
1938	Neamhiomaidh	Níor ainmníodh ach aon duine amháin	1
1945	Iomaidh		3
1952	Neamhiomaidh	Is ionann an sealbhóir oifige agus an t-aon ainmní amháin	1
1959	Iomaidh		2
1966	Iomaidh		2
1973	Iomaidh		2
1974	Neamhiomaidh	Bás an tsealbhóra oifige; níor ainmníodh ach aon duine amháin	1
1976	Neamhiomaidh	Éirí as an tsealbhóra oifige; níor ainmníodh ach aon duine amháin	1
1983	Neamhiomaidh	Níor ainmníodh ach aon duine amháin	1
1990	Iomaidh		3
1997	Iomaidh		5
2004	Neamhiomaidh	Níor ainmníodh ach an sealbhóir oifige	1
2011	Iomaidh		7
2018	Iomaidh		6
2025	Iomaidh		3

## **An Dr Dubhghlas de hÍde**

**(1860-1949)**

### **Uachtarán na hÉireann (1938-45)**

Rugadh i Sligeach é agus tógadh i nDún Gar, Contae Ros Comáin é. Cuireadh léann air i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Fear léinn iomráiteach na Gaeilge ab ea é, bhí príomhról aige in athbheochan na Gaeilge; bhí sé ina chomhbhunaitheoir Chonradh na Gaeilge in 1893. Bhí sé ina údar, dhrámadóir agus fhile mór le rá, agus d'fhoilsigh sé saothair i mBéarla agus i nGaeilge araon, faoin ainm “An Craoibhín Aoibhinn” agus saothair Ghaeilge á bhfoilsíú aige. Ollamh na Nua-Ghaeilge ag Ollscoil na hÉireann (1909-32) Déan Roinn an Léinn Cheiltigh. Comhalta de Sheanad Ollscoil na hÉireann (1909-19). Cathaoirleach Institiúid Bhéaloideas Éireann (1930-34). Comhalta de Sheanad Éireann (1925-38). An chéad Uachtarán a bhí i mbun oifige agus iad faoi mhíchumas de thoradh stróc a bhuail é in 1940. An duine is sine a toghadh mar Uachtarán.

## **Seán T Ó Ceallaigh**

**(1882-1966)**

### **Uachtarán na hÉireann (1945-59)**

Rugadh i mBaile Átha Cliath é. Cuireadh léann air i Scoileanna Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. Chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge in 1898. Comhalta de Bhardas Bhaile Átha Cliath (1906-24). Comhalta bunaidh de Shinn Féin agus Óglaiigh na hÉireann. Captaen Foirne in Ard-Oifig an Phoist le linn Éirí Amach na Cásca 1916 agus imtheorannaíodh é. Toghadh le haghaidh Bhaile Átha Cliath é don chéad Dáil Éireann (1918). Toghadh mar Cheann Comhairle é ar an 21 Eanáir, 1919. Comhalta den Dáil (1918-45). Dhiúltaigh sé an Conradh Angla-Éireannach 1921. Comhalta bunaidh d'Fhianna Fáil. Leas-Uachtarán na hArd-Chomhairle (An Rialtas) (1932-38), An tAire Rialtais Áitiúil agus Sláinte Poiblí (1932-39), an Tánaiste (1937-45) agus an tAire Airgeadais (1939-45).

## **Éamon de Valera**

**(1882-1975)**

**Uachtarán na hÉireann (1959-73)**

Rugadh i Nua Eabhrac agus tógadh i mBrú Rí, Contae Luimnigh é. Cuireadh léann air i Scoileanna na mBráithre Críostaí, An Ráth, Contae Chorcaí; Coláiste na Carraige Duibhe, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Ríoga na hÉireann. Múinteoir agus léachtóir ollscoile. Chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge in 1908. Ceannfort Óglaigh na hÉireann ag Muilte Uí Bheoláin le linn Éirí Amach na Cásca 1916. Daoradh chun báis é mar gheall ar a ról san éirí amach; laghdaíodh an breithiúnas go dtí pianseirbhís ar feadh a shaoil; scaoileadh é i mí Meithimh 1917. In 1917, toghadh é ina TD don Chlár Thoir. Rinne sé ionadaíocht don Chlár i nDáil Éireann (1918-1959). Roghnaíodh é mar Uachtarán Dháil Éireann 1919. Dhiúltaigh sé Airteagail Chomhaontaithe don Chonradh Angla-Éireannach 1921. Dhiúltaigh sé mionn dílseachta a bhí de dhíth chun dul isteach sa Dáil agus thug sé faoi pholasaí neamhfheastail go dtí 1927. Bhunaigh sé Fianna Fáil (an Páirtí Poblachtánach) in 1926; lena chomhghleacaithe ghlac sé a shuíochán sa Dáil i ndiaidh an olltoghcháin i Meitheamh 1927. I ndiaidh olltoghcháin 1932, le tacaíocht ó Pháirtí an Lucht Oibre, bhunaigh sé a chéad Rialtas agus bhí sé mar Uachtarán na hArd-Chomhairle (athraíodh an téarma níos déanaí go Taoiseach) go dtí 1937. Thug sé isteach Bunreacht na hÉireann nua arna cheadú trí phobalbhreith in 1937. An Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha (1937-48), An tAire Oideachais (1937-40) agus an Taoiseach (1951-54 agus 1957-59). An chéad Uachtarán i seilbh na hoifige a raibh lagú láidir radhairc air agus an chéad Uachtarán a bhí dall ina dhiaidh sin.

## **Erskine Childers**

**(1905-1974)**

**Uachtarán na hÉireann (1973-74). Fuair sé bás agus é in oifig ar an 17**

**Samhain, 1974**

Rugadh i Londain é; cuireadh léann air in Norfolk agus ag Coláiste na Tríonóide, Cambridge. D'oibrigh sé i bPáras (1928-31); bainisteoir fógraíochta an "Irish Press" (1932-36). Rúnaí ar Chónaidhm Dhéantúsóirí na hÉireann (1936-44). Toghadh chun

na Dála é in 1938 agus rinne sé ionadaíocht do dháilcheantair Bhaile Átha Luain-An Longfoirt (1938-44), An Longfoirt-na hIarmhí (1948-57) agus Mhuineacháin (1961-73). Rúnaí Parlaiminte an Aire Rialtais Áitiúil agus Sláinte Poiblí (1944-47); Rúnaí Parlaiminte an Aire Sláinte Poiblí (1947-48). An tAire Poist agus Telegrafa (1951-54); An tAire Tailte (1957-59); An tAire Iompair agus Cumhachta (1959-66); An tAire Iompair agus Cumhachta agus an tAire Poist agus Telegrafa (1966-69) agus an Tánaiste agus an tAire Sláinte (1969-73). An Chéad Uachtarán le bás a fháil agus é i seilbh oifige.

### **Cearbhall Ó Dálaigh**

**(1911-1978)**

**Uachtarán na hÉireann (1974-76). D'éirigh sé as an oifig ar an 22 Deireadh Fómhair, 1976**

Rugadh i mBré, Contae Chill Mhantáin é. Cuireadh léann air i Scoil na Leanbh, An Rinn, Contae Phort Láirge; Scoil na mBráithre Críostaí Shráid Synge, Baile Átha Cliath; Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Óstaí an Rí. Eagarthóir na Gaeilge don "Irish Press" (1931-40). Glaodh chun an Bharra é in 1934 agus chun Barra na Sinsear in 1945. An tArd-Aighne (1946-48 agus 1951-53). Ceapadh ina Bhreitheamh den Chúirt Uachtarach é in 1953 agus ina Phríomh-Bhreitheamh (1961-73). Bhí sé ina Bhreitheamh ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach i ndiaidh aontachas Éireann leis an gComhphobal Eorpach in 1973; ceapadh mar Uachtarán ar an gCéad Dlísheomra den Chúirt é in 1974. An Chéad Uachtarán le héirí as an oifig.

### **An Dr Pádraig S. Ó hIghile**

**(1923- 2008)**

**Uachtarán na hÉireann (1976-90)**

Rugadh i Sráid na Cathrach, Contae an Chláir é in 1923. Cuireadh léann air ag Coláiste Charraig an Tobair agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Cáilithe mar dhochtúir. Comhalta den Dáil ar son an Chláir (1951-73). An tAire Oideachais

(1959-65); An tAire Tionscail agus Tráchtála (1965-66); An tAire Saothair (1966-69) agus an tAire Gnóthaí Eachtracha (1969-72). Bhí sé freagrach, agus é ina Aire Gnóthaí Eachtracha, as seoladh na caibidlíochta i dtaobh theacht isteach na hÉireann sa Chomhphobal Eorpach in 1973. Leas-Uachtarán Choimisiún na gComhphobal Eorpach le freagracht ar leith as Gnóthaí Sóisialta (1973-76). Freagrach go hindíreach as reachtaíocht an Phá Chomhionainn in Éirinn i ndeireadh na 1970idí agus é ina Choimisinéir do Ghnóthaí Sóisialta.

### **Máire Mhic Róibín**

**(1944- )**

**Uachtarán na hÉireann (1990-97). D'éirigh sí as an oifig ar an 12 Meán Fómhair, 1997.**

Rugadh (Mary Bourke) i mBéal an Átha, Contae Mhaigh Eo í in 1944. Cuireadh léann uirthi ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Harvard. Abhcóide Sinsearach, comhalta de Bharra Shasana, Ollamh Reid le Dlí Bunreachtúil agus Coiriúil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (1969-75). Léachtóir le Dlí an Chomhphobail Eorpaigh, Coláiste na Tríonóide (1975-90). Comhalta de Sheanad Éireann d'Ollscoil Bhaile Átha Cliath (1969-89). Comhalta de Bhardas Bhaile Átha Cliath (1979-83). Comhalta den Choimisiún Idirnáisiúnta Dlí-Eolaithe (1987-90). Bhunaigh sí Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach (1988). D'fhoilsigh sí saothair ar ghnéithe de Dhlí agus Rialtas na hÉireann agus chuaigh sí i mbun feachtais d'athchóiriú dlí teaghlaigh agus do chosaint chearta an duine. Iar-Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (1997-2002) í agus faoi láthair tá sí ina comhalta de 'Fondúireacht na Seanóirí' lena dtacaítear le tionscadail dhomhanda chun cur le síocháin agus dul i ngleic le saincheisteanna daonnúla. An chéad bhean i seilbh oifig an Uachtaráin.

## **Máire Mhic Ghiolla Íosa**

**(1951- )**

**Uachtarán na hÉireann (1997- 2011)**

Rugadh (Mary Leneghan) i mBéal Feirste í in 1951. Cuireadh léann uirthi ag Meánscoil Naomh Dominic (1962-69); Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (1969-73); Óstaí na Cúirte Thuaisceart Éireann (1973-74) agus Institiúid na dTeangeolaithe (1991-94). Ceapadh í ina hOllamh Reid le Dlí Coiriúil, Coireolaíocht agus Pionóseolaíocht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 1975-79 agus 1981-87. Thosaigh sí le RTÉ mar iriseoir agus láithreoir cúrsaí reatha 1979-81; lean sí ar aghaidh mar láithreoir páirtaimseartha go dtí 1985. Stiúrthóir ar Institiúid na Staidéar Gairmiúil Dlí ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste 1987-97. Leas-Seansailéar Cúnta Ollscoil na Banríona, Béal Feirste 1994-97. Comhalta de Chomhlachas Barra na hEorpa; den Chomhlachas Barra Idirnáisiúnta (Rapporteur Thuaisceart Éireann); Óstaí na Cúirte, Tuaisceart Éireann; agus Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath. An chéad Uachtarán ó Thuaisceart Éireann.

## **Mícheál D. Ó hUigín**

**(1941- )**

**Uachtarán na hÉireann (2011- 2025)**

Rugadh i gCathair Luimnigh in 1941 agus tógadh i gContae an Chláir é. Cuireadh léann air ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh (ar a dtugtar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, níos déanaí), Ollscoil Mhanchain agus Ollscoil Indiana. Léachtóir le heolaíocht pholaitiúil agus le socheolaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus sna Stáit Aontaithe. An chéad Uachtarán a bhí in dhá Theach an Oireachtais. Comhalta den Dáil ó 1981 go 2011. An chéad Aire Ealaíon de chuid na hÉireann 1993-97. Chuaigh sé i mbun feachtais do chearta an duine agus in 1992 bhí sé ina chéad fhaighteoir Duais Síochána Sheán Mhic Giolla Bhríde ón mBiúró Síochána Idirnáisiúnta i Heilsincí. Mar scríbhneoir agus file, chuir sé le go leor leabhar lena gclúdaítear gnéithe éagsúla pholaitíochta, shocheolaíochta, stair agus chultúr na hÉireann.

## **Catherine Connolly**

**(1957- )**

**Uachtarán na hÉireann (2025- )**

Rugadh ar an 12 Iúil 1957 í i Seantalamh, Cathair na Gaillimhe. Bhain sí Máistreacht amach sa tSíceolaíocht Chliniciúil ó Ollscoil Leeds in 1981 agus ghnóthaigh sí céim sa Dlí ó Ollscoil na Gaillimhe in 1989. Thosaigh sí amach ar a gairm mar shíceolaí cliniciúil. In 1991, d'éirigh sí ina hAbhcóide Dlí.

Cuireadh tús lena gairm pholaitiúil nuair a toghadh í chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe in 1999. Bhí sí mar Mhéara na Gaillimhe ó 2004 go 2005. In 2016, toghadh í mar T.D. neamhspleách do thoghcheantar na Gaillimhe Thiar, agus sa ról sin chuir sí i gcónaí le comhionannas, freagracht agus an Ghaeilge a chur chun cinn. I mí Iúil 2020, toghadh í mar Leas-Cheann Comhairle, agus ba í an chéad bhean riamh a bhí sa phost sin.

## **Toghcháin Uachtaránachta 1938-2025**

## Toghchán Uachtaránachta 1938

Níor ainmníodh ach aon iarrthóir amháin, an Dr Dubhghlas de hÍde, i dtoghchán uachtaránachta 1938. Dearbhaíodh, dá réir sin, é a bheith tofa, agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 25 Meitheamh, 1938.

## Toghchán Uachtaránachta 1945

Bhí triúr iarrthóirí san iomaíocht i dtoghchán uachtaránachta 1945. Ba iad Patrick McCartan, Seán MacEoin agus Seán T Ó Ceallaigh na hiarrthóirí.

Bhí an vótáil ar siúl Déardaoin, an 14 Meitheamh, 1945, idir 9 a.m. agus 9 p.m. Bhí torthaí na vótála mar seo a leanas:

Togthóirí:	1,803,463	Vótaíocht Bhailí Iomlán:	1,086,338
Céatadán Vótaíochta:	63.0%	Vótaí neamhbhailí:	50,287
Vótaíocht Iomlán:	1,136,625	Cuóta:	543,170

An Chéad Chomhaireamh		An Dara Comhaireamh	
		Aistriú Vótaí McCartan	Toradh
McCartan, Patrick	212,834	-212,834	-
MacEoin, Seán	335,539	+117,886	453,425
O'Kelly, Seán T	537,965	+27,200	565,165
<b>Páipéir neamh-inaistrithe</b>		67,748	

Dearbhaíodh an tUasal Uí Cheallaigh a bheith tofa agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 25 Meitheamh 1945.

Reáchtáladh an vótaíocht ar bhonn contae agus contaebhuirgí (ar a dtugtar Comhairlí Cathracha ó 2001) chun reáchtáil na dtoghchán áitiúil ar an lá céanna a éascú. Is iad seo a leanas sonraí na vótála i ngach contae agus i ngach contaebhuirg:

# Toghchán Uachtaránachta 1945

## An Chéad Chomhaireamh

Toghcheantar	Vótaíocht Iomlán	Líon na vótaí do			Vótaí Neamhbhailí (san áireamh san Fhíor i gColún 2)
		McCartan	MacEoin	O'Kelly	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
<b>County Boroughs</b>					
Corcaigh	28,546	4,714	9,025	13,875	932
Baile Átha Cliath	158,142	44,027	39,273	70,777	4,065
Luimneach	17,302	2,538	4,731	9,318	715
Port Láirge	11,581	2,135	3,267	5,898	281
<b>Contaetha</b>					
Ceatharlach	13,993	1,838	5,197	6,178	780
An Cabhán	31,341	3,032	11,883	14,500	1,926
An Clár	40,968	5,979	10,796	22,910	1,283
Corcaigh	119,684	24,163	38,911	49,737	6,873
Dún na nGall	50,023	7,834	13,137	24,999	4,053
Baile Átha Cliath	38,155	9,815	11,665	16,206	469
Gaillimh	59,734	11,153	12,713	32,496	3,372
Ciarraí	36,758	8,500	7,180	20,589	489
Cill Dara	22,126	2,958	6,731	11,426	1,011
Cill Chainnigh	26,162	3,476	8,158	13,437	1,091
Laois	20,482	4,884	5,683	8,946	969
Liatroim	21,574	2,995	9,344	8,064	1,171
Luimneach	42,816	4,758	13,183	22,725	2,150
An Longfort	16,975	646	10,170	5,848	311
Lú	28,803	4,668	9,395	13,685	1,055
Maigh Eo	57,670	12,505	14,672	27,260	3,233
An Mhí	25,027	3,406	6,784	14,083	754
Muineachán	25,873	4,062	6,878	13,042	1,891
Uíbh Fhailí	20,891	4,136	5,199	10,580	976
Ros Comáin	33,929	5,140	11,747	15,354	1,688
Sligeach	27,283	3,590	12,026	10,288	1,379
Tiobraid Árann Thuaidh	25,497	3,946	7,530	12,477	1,544
Tiobraid Árann Theas	33,124	5,155	10,499	15,940	1,530
Port Láirge	19,284	2,481	5,198	10,980	625
An Iarmhí	22,395	1,636	9,741	10,303	715
Loch Garman	36,977	8,488	10,082	16,380	2,027
Cill Mhantáin	23,510	8,176	4,741	9,664	929
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,136,625</b>	<b>212,834</b>	<b>335,539</b>	<b>537,965</b>	<b>50,287</b>

## Toghchán Uachtaránachta 1945

### An Dara Comhaireamh (Dáileadh vótaí McCartan)

Toghcheantar	MacEoin		O'Kelly		Neamh-inaistrithe
<b>Contaebhuirgí</b>					
Corcaigh	(+2,602)	11,627	(+629)	14,504	1,483
Baile Átha Cliath	(+28,674)	67,947	(+5,342)	76,119	10,011
Luimneach	Féach Contae Luimnigh				
Port Láirge	(+1,266)	4,533	(+317)	6,215	552
<b>Contaetha</b>					
Ceatharlach	(+810)	6,007	(+437)	6,615	591
An Cabhán	(+1,523)	13,406	(+510)	15,010	999
An Clár	(+3,106)	13,902	(+758)	23,668	2,115
Corcaigh	(+13,777)	52,688	(+2,613)	52,350	7,773
Dún na nGall	(+3,107)	16,244	(+882)	25,881	3,845
Baile Átha Cliath	(+6,881)	18,546	(+1,111)	17,317	1,823
Gaillimh	(+5,075)	17,788	(+1,157)	33,653	4,921
Ciarraí	(+4,419)	11,599	(+1,038)	21,627	3,043
Cill Dara	(+1,645)	8,376	(+443)	11,869	870
Cill Chainnigh	(+1,982)	10,140	(+484)	13,921	1,010
Laois	(+2,254)	7,937	(+594)	9,540	2,036
Liatroim	(+1,282)	10,626	(+433)	8,497	1,280
Luimneach (lena n-áirítear an chontaebhuirg)	(+3,914)	21,828	(+1,084)	33,127	2,298
An Longfort	(+316)	10,486	(+126)	5,974	204
Lú	(+2,592)	11,987	(+627)	14,312	1,449
Maigh Eo	(+6,023)	20,695	(+1,158)	28,418	5,324
An Mhí	(+1,896)	8,680	(+572)	14,655	938
Muineachán	(+1,549)	8,427	(+629)	13,671	1,884
Uíbh Fhailí	(+1,745)	6,944	(+1,092)	11,672	1,299
Ros Comáin	(+2,760)	14,507	(+499)	15,853	1,881
Sligeach	(+1,650)	13,676	(+569)	10,857	1,371
Tiobraid Árann Thuaidh	(+2,130)	9,660	(+605)	13,082	1,211
Tiobraid Árann Theas	(+3,032)	13,531	(+756)	16,696	1,367
Port Láirge	(+1,460)	6,658	(+271)	11,251	750
An Iarmhí	(+807)	10,548	(+317)	10,620	512
Loch Garman	(+4,983)	15,065	(+829)	17,209	2,676
Cill Mhantáin	(+4,626)	9,367	(+1,318)	10,982	2,232
<b>IOMLÁN</b>	<b>(+117,886)</b>	<b>453,425</b>	<b>(+27,200)</b>	<b>565,165</b>	<b>67,748</b>

## Toghchán Uachtaránachta 1952

Níor ainmníodh ach iarrthóir amháin, an tUachtarán a bhí ag dul as oifig, an tUasal Seán T Ó Ceallaigh, i dtoghchán uachtaránachta 1952. Dearbhaíodh, dá réir sin, é a bheith tofa, agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 25 Meitheamh 1952.

## Toghchán Uachtaránachta 1959

Bhí beirt iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán, Éamon de Valera agus Seán MacEoin.

Bhí an vótáil ar siúl Dé Céadaoin, an 17 Meitheamh, 1959, idir 9 a.m. agus 9.30 p.m. agus bhí torthaí na vótála mar seo a leanas:

Togthóirí:	1,678,450	Vótaíocht Bhailí Iomlán:	955,539
Céatadán Vótaíochta:	58.4%	Vótaí neamhbhailí:	24,089
Vótaíocht Iomlán:	979,628	Cuóta:	477,770

<b>An Chéad Chomhaireamh</b>	
de Valera, Éamon	538,003
MacEoin, Seán	417,536

Dearbhaíodh an tUasal de Valera a bheith tofa agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 25 Meitheamh 1959. Is iad seo a leanas sonraí na vótála i ngach toghcheantar:

## Toghchán Uachtaránachta 1959

Toghcheantar	Togthóir í	Vótaíocht t Iomlán	% Vótaíocht	Líon na vótaí do		Vótaí Neamhbhailí (san áireamh san Fhíor i gColún 3)
				de Valera	MacEoin	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
<b>Dáilcheantair Bhuirge</b>						
Corcaigh	62,647	35,454	56.6	19,390	15,340	724
Baile Átha Cliath Thuaidh (Thoir)	62,241	34,539	55.5	16,417	17,446	676
Baile Átha Cliath Thuaidh (Lár)	24,940	13,093	52.5	6,133	6,682	278
Baile Átha Cliath Thuaidh (Thiar)	31,441	17,012	54.1	7,707	8,941	364
Baile Átha Cliath Theas (Thoir)	35,845	20,790	58.0	10,363	10,034	393
Baile Átha Cliath Theas (Lár)	50,045	24,335	48.6	11,819	12,010	506
Baile Átha Cliath Theas (Thiar)	61,631	32,372	52.5	16,195	15,551	626
<b>Dáilcheantair Chontae</b>						
Ceatharlach-Cill Chainnigh	56,117	35,078	62.5	20,023	14,521	534
An Cabhán	36,762	24,904	67.7	13,912	10,669	323
An Clár	47,227	29,809	63.1	19,095	10,270	444
Corcaigh Thuaidh	33,805	23,869	70.6	12,754	10,793	322
Corcaigh Theas	35,238	22,993	65.2	11,909	10,367	717
Corcaigh Thoir	35,193	21,743	61.8	12,117	9,295	331
Corcaigh Thiar	32,290	21,368	66.2	10,235	10,861	272
Dún na nGall Thoir	40,863	22,789	55.8	15,521	6,934	334
Dún na nGall Thiar	30,850	15,501	50.2	9,616	5,700	185
Baile Átha Cliath	74,084	37,713	50.9	19,449	17,292	972
Dún Laoghaire agus Ráth an Dúin	61,716	32,631	52.9	16,911	14,982	738
Gaillimh Thuaidh	28,588	14,720	51.5	9,037	5,368	315
Gaillimh Theas	28,318	17,798	62.8	11,710	5,868	220
Gaillimh Thiar	29,882	14,933	50.0	10,134	4,548	251
Ciarraí Thuaidh	43,718	22,030	50.4	12,361	7,680	1,989
Ciarraí Theas	30,631	13,242	43.2	7,472	5,481	289
Cill Dara	36,552	22,543	61.7	10,794	9,791	1,958
Laois-Uíbh Fhailí	56,583	34,513	61.0	20,059	14,045	409
Luimneach Thoir	45,980	29,223	63.6	15,942	11,007	2,274
Luimneach Thiar	31,999	21,933	68.5	12,918	7,799	1,216
Longfort-An Iarmhí	49,243	34,312	69.7	16,234	17,534	544
Lú	40,209	25,059	62.3	13,646	11,076	337
Maigh Eo Thuaidh	32,358	16,180	50.0	9,219	5,651	1,310
Maigh Eo Theas	46,460	23,864	51.4	12,925	10,538	401
An Mhí	37,686	23,951	63.5	13,940	9,710	301
Muineachán	29,370	18,852	64.2	11,028	7,361	463
Ros Comáin	38,658	23,087	59.8	12,188	10,599	300
Sligeach-Liatroim	57,271	31,289	54.6	16,081	14,449	759
Tiobraid Árann Thuaidh	32,467	20,669	63.7	12,253	8,104	312
Tiobraid Árann Theas	41,196	29,042	70.5	16,568	11,900	574
Port Láirge	42,777	25,746	60.2	15,679	9,715	352
Loch Garman	50,150	31,493	62.8	17,290	13,667	536
Cill Mhantáin	35,419	19,156	54.1	10,959	7,957	240
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,678,450</b>	<b>979,628</b>	<b>58.4</b>	<b>538,003</b>	<b>417,536</b>	<b>24,089</b>

## Toghchán Uachtaránachta 1966

Bhí beirt iarrthóirí san iomaíocht i dtoghchán uachtaránachta 1966, Éamon de Valera agus Thomas F O'Higgins.

Bhí an vótáil ar siúl Dé Céadaoin, an 1 Meitheamh, 1966, idir 9 a.m. agus 10 p.m. agus bhí torthaí na vótála mar seo a leanas:

Togthóirí:	1,709,161	Vótaíocht Bhailí Iomlán:	1,107,005
Céatadán Vótaíochta:	65.3%	Vótaí neamhbhailí:	9,910
Vótaíocht Iomlán:	1,116,915	Cuóta:	553,503

<b>An Chéad Chomhaireamh</b>	
de Valera, Éamon	558,861
O'Higgins, Thomas F.	548,144

Dearbhaíodh an tUasal de Valera a bheith tofa agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 25 Meitheamh 1966. Is iad seo a leanas sonraí na vótála i ngach toghcheantar:

## Toghchán Uachtaránachta 1966

Toghcheantar	Togthóir í	Vótaíocht Iomlán	% Vótaíocht	Líon na vótaí do		Vótaí Neamhbhailí (san áireamh san Fhíor i gColún (3))
				de Valera	O'Higgins	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
Ceatharlach-Cill Chainnigh	58,319	40,643	69.7	21,332	18,725	586
An Cabhán	34,360	25,126	73.1	12,542	12,431	153
An Clár	48,138	31,272	65.0	19,992	11,132	148
Buirg Chorcaí	58,751	37,657	64.1	18,129	19,281	247
Corcaigh Láir	51,337	36,844	71.8	17,532	19,015	297
Corcaigh Thoir Thuaidh	59,196	41,794	70.6	21,204	20,175	415
Corcaigh Thiar Theas	34,929	24,841	71.1	11,590	13,131	120
Dún na nGall Thoir Thuaidh	34,813	22,849	65.6	13,540	8,967	342
Dún na nGall Thiar Theas	36,035	23,886	66.3	12,781	10,804	301
Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir	38,903	22,017	56.6	9,842	12,016	159
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	75,960	49,337	65.0	20,300	28,676	361
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh	41,006	24,367	59.4	10,202	13,995	170
Baile Átha Cliath Theas-Láir	54,328	31,354	57.7	13,954	17,149	251
Baile Átha Cliath Thoir Theas	40,981	26,529	64.7	10,554	15,841	134
Baile Átha Cliath Thiar Theas	57,612	34,782	60.4	14,764	19,692	326
Contae Átha Cliath	71,601	44,429	62.0	19,656	24,554	219
Dún Laoghaire agus Ráth an Dúin	60,009	37,190	62.0	13,869	22,945	376
Gaillimh Thoir	54,409	36,862	67.7	20,621	15,951	290
Gaillimh Thiar	33,787	19,648	58.2	11,793	7,674	181
Ciarraí Thuaidh	35,318	20,501	58.0	11,334	9,016	151
Ciarraí Theas	35,832	20,038	55.9	11,083	8,759	196
Cill Dara	45,485	31,130	68.4	16,022	14,705	403
Laois-Uíbh Fhailí	56,074	39,581	70.6	19,046	20,075	460
Luimneach Thoir	46,501	32,262	69.4	17,002	14,822	438
Luimneach Thiar	33,121	24,195	73.0	13,719	10,262	214
Longfort-An Iarmhí	44,337	30,051	67.8	14,951	14,740	360
Lú	37,126	25,205	67.9	13,519	11,523	163
Maigh Eo Thuaidh	31,634	18,081	57.2	9,878	8,096	107
Maigh Eo Theas	42,535	26,082	61.3	12,598	13,161	323
An Mhí	35,615	23,410	65.7	13,368	9,891	151
Muineachán	32,813	23,311	71.0	11,700	11,408	203
Ros Comáin	44,287	30,575	69.0	15,655	14,646	274
Sligeach-Liatroim	43,210	26,548	61.4	13,251	12,918	379
Tiobraid Árann Thuaidh	34,287	23,094	67.4	12,589	10,209	296
Tiobraid Árann Theas	46,057	33,437	72.6	19,300	13,745	392
Port Láirge	36,986	24,343	65.8	13,334	10,913	96
Loch Garman	47,359	30,623	64.7	15,268	15,203	152
Cill Mhantáin	36,110	23,021	63.8	11,047	11,898	76
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,709,161</b>	<b>1,116,915</b>	<b>65.3</b>	<b>558,861</b>	<b>548,144</b>	<b>9,910</b>

## Toghchán Uachtaránachta 1973

Bhí beirt iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán uachtaránachta a reáchtáladh in 1973. Ba iad Erskine Childers agus Tom O'Higgins. Bhí an tUasal O'Higgins san iomaíocht i dtoghchán 1966 cheana féin.

Bhí an vótáil ar siúl Dé Céadaoin, an 30 Bealtaine, 1973, idir 9 a.m. agus 9 p.m. agus bhí torthaí na vótála mar seo a leanas:

Togthóirí:	1,977,817	Vótaíocht Bhailí Iomlán:	1,223,638
Céatadán Vótaíochta:	62.2%	Vótaí neamhbhailí:	6,946
Vótaíocht Iomlán:	1,230,584	Cuóta:	611,820

<b>An Chéad Chomhaireamh</b>	
Childers, Erskine	635,867
O'Higgins, Tom	587,771

Dearbhaíodh an tUasal Childers a bheith tofa agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 25 Meitheamh 1973. Is iad seo a leanas sonraí na vótála i ngach toghcheantar:

## Toghchán Uachtaránachta 1973

Toghcheantar	Togthóirí	Vótaíocht Iomlán	% Vótaíocht	Líon na vótaí do		Vótaí Neamhbhailí (san áireamh san Fhíor i gColún (3))
				Childers	O'Higgins	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
Ceatharlach-Cill Chainnigh	64,997	45,005	69.2	23,231	21,458	316
An Cabhán	40,553	27,558	68.0	14,001	13,399	158
An Clár	43,589	26,826	61.5	16,412	10,335	79
An Clár-Gaillimh Theas	37,961	25,490	67.1	14,470	10,946	74
Cathair Chorcaí (Thiar Thuaidh)	40,146	24,938	62.1	15,589	9,196	153
Cathair Chorcaí (Thoir Theas)	40,404	26,744	66.2	15,918	10,625	201
Corcaigh Láir	54,713	40,812	74.6	21,603	19,011	198
Corcaigh Thoir Thuaidh	54,674	38,370	70.2	20,887	17,253	230
Corcaigh Thiar Theas	40,985	29,016	70.8	13,745	15,102	169
Dún na nGall Thoir Thuaidh	41,518	21,759	52.4	12,253	9,329	177
Dún na nGall-Liatroim	41,760	26,156	62.6	14,326	11,689	141
Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	68,947	37,855	54.9	18,625	18,993	237
Contae Bhaile Átha Cliath Theas	53,102	32,374	61.0	15,561	16,586	227
Dún Laoghaire agus Ráth an Dúin	62,302	37,859	60.8	18,037	19,655	167
Baile Átha Cliath Láir	50,263	25,653	51.0	12,081	13,385	187
Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir	52,450	29,413	56.1	14,012	15,162	239
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	63,809	34,988	54.8	16,613	18,081	294
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh	50,396	25,341	50.3	12,102	12,981	258
Baile Átha Cliath Theas-Láir	56,307	30,760	54.6	15,117	15,399	244
Baile Átha Cliath Thoir Theas	41,759	23,438	56.1	11,540	11,698	200
Baile Átha Cliath Thiar Theas	46,764	23,734	50.8	10,924	12,641	169
Gaillimh Thoir Thuaidh	36,886	23,864	64.7	12,005	11,756	103
Gaillimh Thiar	42,115	23,499	55.8	12,920	10,458	121
Ciarraí Thuaidh	40,534	23,372	57.7	12,206	11,038	128
Ciarraí Theas	39,517	23,494	59.5	12,280	11,071	143
Cill Dara	46,626	28,980	62.2	15,689	13,291	-
Laois-Uíbh Fhailí	61,339	41,994	68.5	21,078	20,740	176
Luimneach Thoir	53,307	35,009	65.7	17,897	16,952	160
Luimneach Thiar	40,579	28,901	71.2	16,013	12,772	116
Longfort-An Iarmhí	51,677	33,524	64.9	17,324	16,050	150
Lú	44,210	26,358	59.6	14,556	11,575	227
Maigh Eo Thoir	37,970	23,501	61.9	11,290	12,141	70
Maigh Eo Thiar	37,530	22,641	60.3	10,983	11,558	100
An Mhí	44,150	27,253	61.7	14,542	12,534	177
Muineachán	39,647	26,119	65.9	13,706	12,261	152
Ros Comáin-Liatroim	40,632	27,124	66.8	12,884	14,127	113
Sligeach-Liatroim	41,171	25,799	62.7	12,832	12,829	138
Tiobraid Árann Thuaidh	38,494	27,595	71.7	14,723	12,748	124
Tiobraid Árann Theas	50,694	36,554	72.1	20,002	16,339	203
Port Láirge	43,876	29,034	66.2	15,785	13,116	133
Loch Garman	55,078	35,289	64.1	16,279	18,878	132
Cill Mhantáin	44,386	26,601	59.9	13,826	12,613	162
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,977,817</b>	<b>1,230,584</b>	<b>62.2</b>	<b>635,867</b>	<b>587,771</b>	<b>6,946</b>

## **Toghchán Uachtaránachta 1974**

Níor ainmníodh ach iarrthóir amháin, Cearbhall Ó Dálaigh sa toghchán uachtaránachta a d'eascair ó bhás Uasal Erskine Childers ar an 17 Samhain 1974. Dearbhaíodh, dá réir sin, an tUasal Ó Dálaigh a bheith tofa, agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 19 Nollaig 1974.

## **Toghchán Uachtaránachta 1976**

D'éirigh Uachtarán Cearbhall Ó Dálaigh as ar an 22 Deireadh Fómhair, 1976. Ba é an t-aon duine amháin a ainmníodh ag an toghchán uachtaránachta dá bharr ná an Dr Pádraig Ó hIlghe. Dearbhaíodh, dá réir sin, an Dr Ó hIlghe a bheith tofa, agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 3 Nollaig, 1976.

## **Toghchán Uachtaránachta 1983**

Níor ainmníodh ach iarrthóir amháin, an tUachtarán a bhí ag dul as oifig, an Dr Ó hIlghe, i dtoghchán uachtaránachta 1983. Dearbhaíodh, dá réir sin, é a bheith tofa, agus insealbhaíodh é mar Uachtarán ar an 3 Nollaig 1983.

## Toghchán Uachtaránachta 1990

Bhí triúr iarrthóirí san iomaíocht i dtoghchán uachtaránachta 1990. Ba iad Austin Currie, Brian Lenihan agus Mary Robinson na hiarrthóirí.

Bhí an vótáil ar siúl Dé Céadaoin, an 7 Samhain, 1990, idir 9 a.m. agus 9 p.m. Bhí torthaí na vótála mar seo a leanas:

Togthóirí:	2,471,308	Vótaíocht Bhailí Iomlán:	1,574,651
Céatadán Vótaíochta:	64.1%	Vótaí neamhbhailí:	9,444
Vótaíocht Iomlán:	1,584,095	Cuóta:	787,326

An Chéad Chomhaireamh		An Dara Comhaireamh	
		Aistriú Vótaí Currie	Toradh
Currie, Austin	267,902	-267,902	-
Lenihan, Brian	694,484	+36,789	731,273
Robinson, Mary	612,265	+205,565	817,830
<b>Páipéir neamh-inaistrithe</b>		25,548	

Dearbhaíodh, dá réir sin, Mary Robinson a bheith tofa, agus insealbhaíodh í mar Uachtarán ar an 3 Nollaig 1990. Is iad seo a leanas sonraí na vótála i ngach toghcheantar:

# Toghchán Uachtaránachta 1990

## An Chéad Chomhaireamh

Toghcheantar	Toghthóirí	Vótaíocht Iomlán	% Vótaíocht	Líon na vótaí do			Vótaí Neamhbhailí (san áireamh san Fhíor i gColún (3))
				Currie	Lenihan	Mhic Róibín	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
Ceatharlach-Cill Chainnigh	79,921	53,138	66.5	9,941	23,808	19,054	335
An Cabhán-Muineachán	76,800	47,670	62.0	10,049	25,365	11,923	333
An Clár	64,802	43,603	67.3	7,956	21,669	13,745	233
Corcaigh Thoir	56,601	38,260	67.6	7,048	16,928	14,124	160
Corcaigh Thuaidh-Láir	63,121	39,155	62.0	6,038	15,020	17,832	265
Corcaigh Thiar Thuaidh	41,146	30,569	74.3	8,414	13,843	8,162	150
Corcaigh Theas-Láir	79,302	53,926	68.0	9,254	18,176	26,226	270
Corcaigh Thiar Theas	42,917	29,750	69.3	8,623	11,957	9,034	136
Dún na nGall Thoir Thuaidh	45,583	23,348	51.2	3,958	12,834	6,397	159
Dún na nGall Thiar Theas	47,579	25,363	53.3	4,794	13,344	7,058	167
